**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

**TÉACSANNA ARNA nGLACADH**

## P9_TA(2021)0017

## Bearta chun aisghabháil stoc éisc a chur chun cinn os cionn UTI

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Eanáir 2021 maidir le Níos mó éisc sna farraigí? Bearta chun aisghabháil stoc a chur chun cinn os cionn na huastáirgeachta inbhuanaithe (UTI), lena n-áirítear limistéir aisghabhála éisc agus limistéir mhuirí faoi chosaint (2019/2162(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint d'Airteagal 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus d'Airteagail 11, 39 agus 191 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

– ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh (CBI)[1],

– ag féachaint do Threoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí (TRSM))[2],

– ag féachaint d'Airteagal 13 CFAE, lena gceanglaítear ar an Aontas agus na Ballstáit, agus beartais an Aontais maidir le hiascaigh á gceapadh acu, *inter alia*, a chur san áireamh, gur neacha mothaitheacha iad ainmhithe agus, dá bhrí sin, lánaird a thabhairt ar na ceanglais ábhartha maidir le leas ainmhithe,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla[3],

– ag féachaint do Threoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú[4], agus do Threoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú[5],

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle an 24 Meán Fómhair

---

1 IO L 354, 28.12.2013, lch. 22.
2 IO L 164, 25.6.2008, lch. 19.
3 IO L 198, 25.7.2019, lch. 105.
4 IO L 206, 22.7.1992, lch. 7.
5 IO L 20, 26.1.2010, lch. 7.

2009 maidir le hainmhithe a chosaint tráth an mharaithe[1], agus go háirithe d'Airteagal 3 de, tá feidhm maidir le héisc ag an bpríomhphrionsabal nach mór ainmhithe 'a spáráil ar aon phian, anacra nó fulaing atá inseachanta le linn a maraithe',

– ag féachaint do Threoir 2014/89/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 lena mbunaítear creat do phleanáil spásúil mhuirí[2] (an Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí),

– ag féachaint do Threoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta[3], go háirithe maidir le rith chun srutha ó leasachán,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún[4] agus do Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le forálacha Choinbhinsiún Aarhus maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil a chur i bhfeidhm ar institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail[5],

– ag féachaint do straitéis bhithéagsúlachta an Aontais do 2030, a leagtar amach sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal *EU Biodiversity Strategy for 2030 – Bringing nature back into our lives* [Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030 – An dúlra a thabhairt ar ais inár saol] (COM(2020)0380),

– ag féachaint dá rún an 16 Eanáir 2018 maidir le rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan: clár oibre le haghaidh thodhchaí ár n-aigéan i gcomhthéacs Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2030[6],

– ag féachaint d'eagrán 2020 de thuarascáil Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO) maidir le Staid an Iascaigh Dhomhanda agus an Dobharshaothraithe (SOFIA 2020),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal *A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system* [Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol] (COM(2020)0381),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 16 Meitheamh 2020 dar teideal *Towards more sustainable fishing in the EU: state of play and orientations for 2021* [I dtreo iascaireacht níos inbhuanaithe san Aontas: staid na himeartha agus treoshuíomhanna le haghaidh 2021] (COM(2020)0248),

– ag féachaint do Dhearbhú Johannesburg 2002 maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe, do Phlean Cur Chun Feidhme Johannesburg agus do dhoiciméad deiridh Chomhdháil

---

1 IO L 303, 18.11.2009, lch. 1.
2 IO L 257, 28.8.2014, lch. 135.
3 IO L 375, 31.12.1991, lch. 1.
4 IO L 145, 31.5.2001, lch. 43.
5 IO L 264, 25.9.2006, lch. 13.
6 IO C 458, 19.12.2018, lch. 9.

Rio + 20 na Náisiún Aontaithe maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe, i Meitheamh 2012, dar teideal *The Future we Want* [An Todhchaí atá Uainn],

– ag féachaint do thuarascáil 2020 ón gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF) maidir le faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht an chomhbheartais iascaigh (STECF-Adhoc-20-01),

– ag féachaint don Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD), agus go háirithe do Sprioc 11 de Spriocanna Bithéagsúlachta Aichi, ar gné iad de Phlean Straitéiseach CBD don Bhithéagsúlacht 2011-2020,

– ag féachaint do thuarascáil mheasúnachta dhomhanda 2019 ar sheirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais ón Ardán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais (IPBES);

– ag féachaint do thuarascáil speisialta ar An Aigéan, agus an Crióisféar in Aeráid atá ag Athrú ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC),

– ag féachaint do rún 2016 ón Aontas Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra (IUCN) maidir le cuimsiú na limistéar muirí faoi chosaint a mhéadú do chaomhnú éifeachtach bithéagsúlachta muirí,

– ag féachaint do Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDG) 14 de Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe, maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na n-aigéan, na bhfarraigí agus na n-acmhainní muirí,

– ag féachaint do thuarascáil ón gCoimisiún an 25 Meitheamh 2020 maidir le cur chun feidhme na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí (COM(2020)0259),

– ag féachaint do rún uaithi an 16 Eanáir 2020 maidir leis an 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe (COP15) don Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch[1],

– ag féachaint do thuarascáil 2017 an Bhainc Dhomhanda dar teideal *The sunken billions revisited: Progress and Challenges in Global Marine Fisheries* [Athchuairt ar na billiúin bháite: Dul chun cinn agus Dúshláin in Iascaigh Mhuirí Dhomhanda],

– ag féachaint do Thuarascáil Speisialta Uimh. 1/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa an 21 Feabhra 2017 dar teideal *More efforts needed to implement the Natura 2000 network to its full potential* [Iarracht bhreise de dhíth chun líonra Natura 2000 a chur i bhfeidhm ionas go mbainfidh sé barr a chumais amach],

– ag féachaint do Thuarascáil Uimh. 17/2019 ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA) an 25 Meitheamh 2020 dar teideal *Marine messages II* [Teachtaireachtaí Muirí II],

– ag féachaint do chinneadh ón Ombudsman Eorpach i gcás 640/2019/FP maidir le trédhearcacht phróiseas cinnteoireachta Chomhairle an Aontais Eorpaigh as a dtagann glacadh na rialachán bliantúil lena socraítear cuótaí iascaireachta (gabhálacha iomlána incheadaithe),

---

1 Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0015.

– ag féachaint do thuarascáil Uimh. 3/2015 ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil an 1 Deireadh Fómhair 2015 dar teideal *Marine protected areas in Europe's seas: An overview and perspective for the future* [Limistéir mhuirí faoi chosaint i bhfarraigí na hEorpa: Forléargas agus peirspictíocht don todhchaí]

– ag féachaint do thuarascáil ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2015 ar an dul chun cinn maidir le limistéir mhuirí faoi chosaint a bhunú, (mar a cheanglaítear le hAirteagal 21 den Treoir Réime um Straitéis Mhuirí 2008/56/EC) (COM(2015)0481),

– ag féachaint do thuarascáil ón gCoimisiún an 31 Iúil 2018 ina ndéantar measúnú ar chláir beart na mBallstát faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí (COM(20180)0562),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 16 Meitheamh 2020 dar teideal *Towards more sustainable fishing in the EU: state of play and orientations for 2021* [I dtreo iascaireacht níos inbhuanaithe san Aontas: staid na himeartha agus treoshuíomhanna le haghaidh 2021] (COM(2020)0248),

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iascach (A9-0264/2020),

A. de bhrí leis an gcomhbheartas iascaigh (CBI), áiritheofar go mbeidh gníomhaíochtaí iascaireachta agus dobharshaothraithe inbhuanaithe san fhadtéarma ó thaobh an chomhshaoil agus go mbainisteofar iad ar bhealach a bheidh ag luí leis na cuspóirí tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach, agus lena gcuirfear le hinfhaighteacht soláthairtí bia; de bhrí, chun an cuspóir a bhaint amach maidir le stoic éisc a athbhunú agus a chothabháil os cionn leibhéil bhithmhaise atá in acmhainn an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh, ba riachtanach ráta dúshaothraithe na huastáirgeachta inbhuanaithe a bhaint amach faoi 2015 agus, ar bhonn forchéimneach, incriminteach, faoi 2020 ar a dhéanaí i gcás na stoc uile;

B. de bhrí go n-iarrtar in SDG 14 go ndéanfaí na haigéin, na farraigí agus na hacmhainní muirí a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe;

C. de bhrí gurb é aidhm na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí (MSFD) an comhshaol muirí a chosaint agus a chaomhnú, a mheath a chosc agus éiceachórais mhuirí a athbhunú, agus dea-stádas comhshaoil (GES) a bhaint amach d'uiscí muirí AE faoi 2020;

D. de bhrí faoi MSFD, go bhfuil dea-stádas comhshaoil bunaithe ar 11 thuairisceoir; de bhrí go bhfuil feidhm ag tuairisceoir 3 maidir le líon na n-iasc agus na sliogiasc uile a shaothraítear ar bhonn tráchtála agus atá laistigh de theorainneacha bitheolaíocha sábháilte, lena léirítear dáileadh aoise agus méide, rud atá ina tháscaire ar stoc sláintiúil;

E. de bhrí faoi thuairisceoir 3 GES go bhfuil trí phríomhchritéar measúnaithe ann – (I.) inbhuanaitheacht an tsaothraithe, (II.) acmhainneacht síolraithe agus (III.) an cion d'éisc níos sine agus níos mó a chothabháil – ach ní féidir ach 10,5 % de na stoic a mheasúnú i bhfianaise chritéir (I.) agus (II.) agus níl aon mhodheolaíocht measúnaithe coiteann shásúil ann ar an leibhéal Eorpach do chritéar (III.);

F. de bhrí gur gá feabhas a chur go práinneach ar bhailiú sonraí maidir le stoic éisc áirithe, go háirithe stoic sa Mhuir Dhubh, sa Mheánmhuir agus sa Mhacrainéis, d'fhonn

measúnú eolaíoch a dhéanamh, rud atá bunriachtanach chun bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar stoic;

G. de bhrí go bhfuil bearta bainistithe iascaigh a glacadh faoi CBI ag teacht i mbláth, de réir mar a bhíonn líon na stoc éisc a shaothraítear ar leibhéil inbhuanaithe ag méadú, rud a fhágann go bhfuil táirgeacht níos airde indéanta do stoic a bhí róshaothraithe;

H. de bhrí go bhfuil timpeall 38 % de na stoic san Atlantach Thoir Thuaidh agus timpeall 92 % de na stoic sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh a mheastar faoi réir measúnú eolaíoch á róshaothrú go fóill, rud a chiallaíonn go bhfuil siad á saothrú os cionn leibhéal na huastáirgeachta inbhuanaithe (UTI), de réir STECF, in ainneoin an cheanglais dhlíthiúil stop a chur le ró-iascaireacht faoi 2020; ag tabhairt dá haire go ndearnadh 62,5 % de na stoic sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh a róshaothrú in 2017, de réir thuarascáil SOFIA FAO 2020;

I. de bhrí go raibh an ghabháil iomlán incheadaithe (TAC) san Atlantach Thoir Thuaidh, a bhí beartaithe ag an gCoimisiúin, i gcomhréir le UTI i gcás na 78 stoc uile a raibh comhairle eolaíoch ar fáil ina leith;

J. de bhrí in 2019, go ndearna an Chomhairle an ghabháil iomlán incheadaithe (TAC) a shocrú i gcás 62 speiceas as 78 speiceas i gcomhréir le UTI; de bhrí go bhfuiltear ag dréim, dá bhrí sin, in 2020, go mbeidh níos mó ná 99 % de na gabhálacha i Muir Bhailt, sa Mhuir Thuaidh agus san Atlantach a thabharfar i dtír, agus atá á mbainistiú go heisiach ag an Aontas, go mbeidh siad ag teacht ó iascaigh a ndéantar bainistiú inbhuanaithe orthu;

K. san Atlantach Thoir Thuaidh, tá an bhithmhais ag méadú ó 2007 i leith, agus in 2018 bhí sí 48 % níos airde ná mar a bhí in 2003 i gcás na stoc a ndearnadh measúnú iomlán orthu; de bhrí go bhfuil an cás sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh gan athrú, den chuid is mó, ó cuireadh tús leis an tsraith sonraí in 2003, cé go bhféadfadh sé gur tháinig méadú beag ar bhithmhais ó 2012 i leith;

L. de bhrí gurb é atá i gceist le hiascaireacht ag an uastáirgeacht eacnamaíoch (UTE) an leibhéal gabhála ag a ndéantar na tairbhí eacnamaíocha do chabhlaigh a uasmhéadú, rud a fheabhsaíonn athléimneacht na hearnála, agus ag a gcoinnítear stoic os cionn UTI;

M. de bhrí i gcás iascaigh ilsonracha, go bhfuil sé dodhéanta bainistiú speiceas bunaithe ar shamhail UTI a chur i bhfeidhm, fiú in iascaigh a bhfuil aithne mhaith eolaíoch orthu agus in iascaigh dhoiciméadaithe;

N. de bhrí gur léirigh staidéir eolaíocha ar an ábhar cúiseanna imní faoin tionchar diúltach fadtéarmach atá ag úsáid teicnící iascaireachta áirithe, amhail trealamh teagmhála grinnill agus feistí um chomhbhailiú éisc, ar stoic, ar bhithéagsúlacht na n-aigéan agus ar an muirthimpeallacht;

O. de bhrí nach bhfuil CBI curtha chun feidhme ina iomláine go fóill agus nár úsáideadh cuid dá bhearta amhail limistéir aisghabhála stoc éisc a bhunú;

P. de bhrí ar fud an domhain, leis an mbrú daonna go bhfuil athrú tagtha ar 66 % den mhuirthimpeallacht, de réir IPBES, agus déantar iascaireacht ar 34,2 % de na stoic éisc ar leibhéil atá neamh-inbhuanaithe ó thaobh na bitheolaíochta de, de réir FAO;

Q. de bhrí go bhfuil an tAontas Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra (IUCN) i bhfabhar go ndéanfar 30 % ar a laghad de na gnáthóga muirí a chlaochlú faoi 2020 ina líonra de limistéir mhuirí faoi chosaint (MPAnna) ardchosanta, i measc bearta caomhnaithe éifeachtacha eile limistéarbhunaithe, agus é mar aidhm gan aon ghníomhaíochtaí eastóscacha a dhéanamh i 30 % ar a laghad den aigéan, gan na hiarmhairtí socheacnamaíocha a mheas;

R. de bhrí go n-athdhearbhaítear i dtuarascáil FAO 2020 SOFIA gurb é an bainistiú an uirlis is fearr le haghaidh caomhnú agus an t-aon bhealach i dtreo na hinbhuanaitheachta agus go bhfuil na stoic atá faoi bhainistiú éifeachtach ag éirí níos inbhuanaithe, agus go bhfuil 78,7 % de na gabhálacha domhanda reatha éisc mhuirí a thugtar i dtír ag teacht ó stoic atá inbhuanaithe ó thaobh na bitheolaíochta de;

S. de bhrí go n-éilíonn straitéis bhithéagsúlachta an Aontais do 2030 cuspóir atá ceangailteach ó thaobh dlí chun 30 % ar a laghad de limistéar farraige AE a chosaint, agus go ndéanfar dianchosaint ar 10 % de limistéar farraige AE;

T. de bhrí go bhfuil ról dearfach ag cianfhaireachán leictreonach, mar shampla trí shuíomh an tsoithigh a tharchur gar d'fhíor-am, agus neartú na rialuithe ar an láthair maidir le MPAnna a fhorfheidhmiú;

U. de bhrí go mbíonn tionchair shocheacnamaíocha ar earnáil na hiascaireachta, ar phobail chósta agus thar lear agus ar an tsochaí ina hiomláine ag cailliúint na bithéagsúlachta muirí, agus dá bhrí sin gur cheart é a chosc; de bhrí, de réir an Bhainc Dhomhanda, go mbainfeadh buntáistí eacnamaíocha níos mó le hatógáil stoc éisc ná mar a bhaineann le staid reatha líon na stoc éisc mhuirí;

V. de bhrí go bhfuil gnáthóga sláintiúla, lena n-áirítear oitreacha gainimh, móinéir féir mara agus sceireacha coiréil bunriachtanach d'fheidhmiú an éiceachórais mhuirí a athbhunú agus chun na stoic éisc a athshlánú agus chun linnte carbóin a chur ar fáil chun an t-athrú aeráide a mhaolú;

W. de bhrí go bhfuil sé bunriachtanach go mbeadh dea-bhainistiú á dhéanamh ar MPAnna chun an bhithéagsúlacht a fheabhsú agus chun gnáthóga nádúrtha speiceas eile amhail éin a chaomhnú;

X. de bhrí go bhfuil comhdhearcadh láidir eolaíoch ann gur féidir le MPAnna dul chun tairbhe na n-iascach de bharr a n-éifeachtaí iarmhartacha agus a n-éifeachtaí dearfacha ar earcaíocht, mar shampla trí láithreáin atáirgthe, éisc óga, agus máthairéisc mhóra a bhfuil ardacmhainneacht síolraithe acu a chosaint;

Y. de bhrí go mbíonn tionchar freisin ag truailliú a thagann ón talamh, go háirithe in imchuacha farraige atá iata go páirteach, agus ó ghníomhaíochtaí eile mara ar aisghabháil stoic éisc;

Z. de bhrí go raibh bithmhais fhoriomlán na speiceas cuóta laistigh de stoic arna mbainistiú ag an Aontas 48 % níos airde in 2018 ná mar a bhí in 2003;

AA. de bhrí go bhfuil éisc fhiáine ar an bhfoinse próitéine is folláine agus is neamhdhíobhálaí don chomhshaol dá bhfuil ann a bhuí le lorg ísealcharbóin thionscal na hiascaireachta; de bhrí gurb é bia mara an rogha is fearr dá bhrí sin chun an t-athrú aeráide a chomhrac;

AB. de bhrí nár lean Comhairle an Aontais Eorpaigh moladh an Ombudsman Eorpaigh go fóill doiciméid phoiblí a bhaineann le glacadh na rialachán TAC a chur ar fáil go réamhghníomhach;

AC. de bhrí, leis an iascaireacht ar UTI, go leantar de thorthaí dearfacha a bhaint amach san Atlantach Thoir Thuaidh;

***Bainistiú iascaigh a fheabhsú chun deireadh a chur leis an ró-iascaireacht***

1. á iarraidh an athuair go gcuirfí CBI chun feidhme go hiomlán agus é mar aidhm aige stoic éisc a athbhunú agus a chothabháil os cionn na leibhéal bithmhaise atá in acmhainn UTI a tháirgeadh;

2. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil luach intreach ag an dúlra, ag éisc agus ag orgánaigh bheo eile, fiú mura mbíonn siad saothraithe ag gníomhaíochtaí an duine;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún an cuimsiú eolaíoch a neartú agus é mar chuspóir 100 % de na stoic éisc a shaothraítear in uiscí na hEorpa a mheas faoi 2025 ar a dhéanaí agus gur féidir UTI a ríomh i gcás na stoc sin uile, i gcás inar féidir ó thaobh na heolaíochta de;

4. ag tabhairt le fios go bhfuil na Ballstáit freagrach as sonraí a bhailiú agus go bhfuil na sonraí sin riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar shláinte na stoc éisc; ag tabhairt le fios faoi Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2017/1004[1], nach mór don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle maidir le cur chun feidhme agus feidhmiú an rialacháin;

5. á iarraidh ar an gCoimisiún a chuid moltaí maidir le TAC a dhéanamh agus á iarraidh ar an gComhairle an TAC a shocrú ar leibhéal na huastáirgeachta inbhuanaithe, mar a fhoráiltear dó sa Rialachán maidir leis an gComhbheartas Iascaigh;

6. an Coimisiún, na Ballstáit agus an comhphobal eolaíochta a spreagadh chun samhail eolaíochtbhunaithe a fhorbairt chun bainistíocht agus saothrú na n-iascach ilsonrach a optamú; á thabhairt dá haire gur cheart, leis an tsamhail sin, go bhféadfaí cuspóirí bainistíochta comhchosúla a chur i bhfeidhm maidir le UTI a úsáid ar fud CBI, rud a d’fhágfadh go bhféadfaí súil a choinneáil ar an athrú atá tagtha ar na rialacha bainistíochta a cuireadh chun feidhme;

7. ag tathant ar an gCoimisiún cur chun feidhme chur chuige an éiceachórais i leith bainistiú iascaigh a neartú, lena n-áirítear trí chineálacha cur chuige ilspeiceas a chur i bhfeidhm níos mó ná riamh, chun tionchair dhiúltacha gníomhaíochtaí iascaireachta agus tosca eile amhail an t-athrú aeráide ar éiceachórais mhuirí, ar líon na n-iasc agus ar an tsochaí a íoslaghdú agus athléimneacht na n-aigéan i gcoinne an athraithe aeráide a áirithiú; ag athdhearbhú go bhfuil sé ríthábhachtach iascaigh lándhoiciméadaithe agus sonraí cáilíochta a bheith ann chun feabhas a chur ar bhainistiú iascaigh; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na céimeanna is gá a thabhairt chun feabhas a chur ar bhailiú sonraí maidir le hiascaigh áineasa, agus a dtionchar ar an gcomhshaol agus a

---

[1] Rialachán (AE) 2017/1004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le creat Aontais a bhunú le haghaidh sonraí in earnáil an iascaigh a bhailiú, a bhainistiú agus a úsáid agus chun tacú le comhairle eolaíoch maidir leis an gcomhbheartas iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 199/2008 ón gComhairle (IO L 157, 20.6.2017, lch. 1).

luach socheacnamaíoch á gcur san áireamh;

8. á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint de thacaíocht a thabhairt do phleananna chun roghnaíocht agus marthanas speiceas nach spriocspeicis iad a fheabhsú, agus d'fhonn cur chuige éiceachórais a chur chun feidhme i leith bainistiú iascaigh, chun a shuíomh cé na cleachtais a dhéanann dochar do stoic, do bhithéagsúlacht aigéin agus do mhuirthimpeallachtaí agus bearta a thabhairt isteach chun na cleachtais sin a theorannú agus a athrú;

9. á mheas gur cheart don Aontas, tar éis dó meastóireacht a dhéanamh ar CBI faoi 2022, i gcás inar gá, cleachtais reatha maidir le bainistiú iascaigh a oiriúnú agus dlús a chur leis an aistriú i dtreo iascaigh ísealtionchair, ní hamháin chun stoic éisc a chaomhnú ar na leibhéil atá ann faoi láthair ach, níos tábhachtaí fós, chun stoic éisc a atógáil agus éiceachórais mhuirí a athbhunú, i gcomhairle le geallsealbhóirí, go háirithe earnáil an iascaigh, agus chun tacú le bearta den sórt sin tríd an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh;

10. á mheas gur cheart aird agus tacaíocht a dhíriú go háirithe ar iascaigh ar mhionscála, nach bhfuil chomh creachóireach céanna agus a d'fhéadfadh a bheith níos inbhuanaithe, ní hamháin ó thaobh bainistiú acmhainní bitheolaíocha de ach ó thaobh na socheacnamaíochta de freisin;

11. á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le comhchuibhiú na dtáscairí faoi chritéar (III.) le haghaidh GES faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, agus é mar aidhm leis tagarmharcanna agus modheolaíocht mheasúnaithe atá coiteann do na Ballstáit uile a shocrú;

12. á iarraidh ar an gCoimisiún staidéar a dhéanamh ar a ábhartha atá sé táscairí seachas UTI a úsáid i mbainistiú iascaigh lena gcuirfí san áireamh idirghníomhaíochtaí speiceas agus tosca socheacnamaíocha chomh maith le héifeachtaí an athraithe aeráide agus an truaillithe; á thabhairt dá haire go bhfuil staidéar á dhéanamh ag roinnt tíortha ar tháscairí eile amhail UTE agus go bhfuil siad á gcur chun feidhme acu;

13. ag tabhairt le fios gur gá go ndéanfar tuilleadh taighde agus tuilleadh nuálaíochta a bheith ann maidir le hearnáil an iascaigh chun brú a bhaineann le gníomhaíochtaí an duine a theorannú d'fhonn dea-chleachtais a fhorbairt a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach, le hinbhuanaitheacht agus le roghnaíocht trealamh iascaireachta;

14. á chur i bhfios go láidir an tábhacht a bhaineann le hiascaireacht chósta ar mhionscála, agus á chreidiúint gur féidir leis an earnáil sin an t-aistriú chuig bainistiú inbhuanaithe stoc éisc a éascú go mór; á iarraidh ar gach ceann de na Ballstáit, dá réir sin, céatadán na gcuótaí náisiúnta a leithdháiltear ar an earnáil sin a mhéadú;

15. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go nglacfaidh na Ballstáit cláir bailithe sonraí a chumhdaíonn tionchar na ngníomhaíochtaí iascaireachta ar an gcomhshaol i gcoitinne, lena n-áirítear foghabháil speiceas íogair, agus ar ghrinneall na farraige;

16. á éileamh go ndéanfadh an Chomhairle gach doiciméad a bhaineann le glacadh na rialachán TAC a chur ar fáil don phobal go réamhghníomhach, i gcomhréir leis an moladh ón Ombudsman Eorpach, agus go gcomhlíonfadh sí Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 agus Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006;

*Líonra na limistéar faoi chosaint a leathnú agus a bhainistiú a fheabhsú*

17. ag cur béim ar an bhfíoras, cé go bhfuil dul chun cinn déanta ag an Aontas Eorpach agus gur bhain sé amach an sprioc 10 % d'uiscí na hEorpa a ainmniú mar limistéir faoi chosaint, go bhfuil líonra na MPAnna i bhfad ó bheith lánéifeachtach, agus nach bhfuil pleananna bainistithe agus bearta cosanta ach ag sciar an-bheag de na MPAnna atá ann cheana;

18. á thabhairt chun suntais, nuair a éiríonn le MPAnna, go mbaineann tairbhí móra socheacnamaíocha leo, go háirithe do phobail chósta agus d'earnáil an iascaigh agus na turasóireachta, agus gur féidir le MPAnna príomhfheidhmeanna éiceolaíocha a dhéanamh chun stoic éisc a atáirgeadh (lena gcuirfear láithreacha sceite agus iasclanna ar fáil) agus chun a n-athléimneacht a fheabhsú;

19. á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún, i straitéis bhithéagsúlachta 2030 uaidh, go ndéanfaí 30 % ar a laghad de limistéar farraige AE a chosaint, lena n-áirítear trí limistéir aisghabhála stoc éisc, amhail dá bhforáiltear faoin gComhbheartas Iascaigh, agus na limistéir sin ina bhfuil srian ar na teicnící iascaireachta agus ar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha is díobhálaí;

20. á iarraidh go dtairbheodh trian den limistéar sin (i.e. 10 % d'uiscí na hEorpa) as ardleibhéal cosanta, lena n-áirítear limistéir ina bhfuil toirmeasc ar gach gabháil agus ar gach gníomhaíocht eacnamaíoch (i.e. limistéir gan ghlacadh);

21. á iarraidh ar an gCoimisiún measúnuithe tionchair a chur in éineacht le haon togra reachtach bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil agus i ndlúthchomhar le pobail áitiúla agus le húdaráis áitiúla;

22. ag tathant ar an gCoimisiún treoirlínte a ghlacadh maidir le spriocanna MPA atá le cur chun feidhme i ngach réigiún muirí de chuid an Aontais, chun dáileadh geografach cothrom agus ionadaíochas éiceolaíoch a áirithiú;

23. ag tathant ar na Ballstáit leanúint de MPAnna a ainmniú faoi na Treoracha maidir le hÉin[1] agus le Gnáthóga[2] agus faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, chun na cuspóirí sin a bhaint amach;

24. á iarraidh go mbunófaí MPAnna mar chuid de líonra comhleanúnach limistéar ceangailte, lena n-áirítear limistéir amach ón gcósta agus limistéir dhomhainfharraige; agus á mheabhrú gur gá deireadh a chur le hiascaireacht le gléas grinnill faoi bhun 400 m i limistéir inarb eol gurb ann d'éiceachórais leochaileacha mhuirí (VMEnna) nó ar dóigh dóibh tarlú;

25. ag tathant ar an gCoimisiún treoirlínte láidre eolaíochtbhunaithe bainistíochta MPA a leagan síos do na Ballstáit agus aicmiú MPAnna a bhunú agus a gcéim bhunaithe, a bpleananna bainistithe agus a dtairbhí éiceachórais á gcur san áireamh, agus leas á bhaint as treoirlínte atá ann cheana amhail caighdeáin dhomhanda IUCN;

---

1 Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7).

2 Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

26. ag tathant nach mór don Choimisiún bearta bainistíochta agus rialachais amhail limistéir mhuirí faoi chosaint a chur in éineacht le comhaontuithe iascaigh le tríú tíortha, rud a fhágann gur féidir feabhas a chur ar bhainistiú stoc éisc agus dul i ngleic leis an iliomad éifeachtaí carnacha a bhaineann leis na comhaontuithe sin, amhail truailliú, iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) agus cleachtais áirithe a fhorbairt amhail iascaigh thionsclaíocha lena gcuirtear inbhuanaitheacht stoc áirithe i mbaol;

27. ag tathant ar na Ballstáit pleananna bainistithe láidre agus éifeachtaí a leagan síos do na MPAnna atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo agus bearta rialaithe, bearta faireacháin agus bearta faireachais níos láidre a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go n-urramófar na MPAnna;

28. á iarraidh go mbeidh na hearnálacha iascaigh tráchtála agus áineasa araon, chomh maith leis na heagraíochtaí ábhartha a bhfuil inniúlacht acu i mbainistiú gníomhaíochtaí daonna agus eacnamaíocha ar muir (e.g. eagraíochta réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBInna), nó an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta) rannpháirteach i rialú, i bhfaireachán agus i bhfaireachas a dhéanamh ar MPAnna;

29. á chur i bhfáth gur gá grinnscrúdú níos mó a bheith á dhéanamh ar bhearta bainistithe iascaigh laistigh de láithreáin Natura 2000, arna gcur isteach ag Ballstáit de chuid an Aontais, chun a áirithiú go mbainfear amach cuspóirí caomhantais i gcomhréir le hAirteagal 11 de CBI,

30. ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart ainmniú na réimsí agus forbairt na mbeart bainistithe a bheith bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil;

31. ag aithint go mbraitheann rath MPAnna agus limistéar eile faoi chosaint ar bhonn eolaíoch daingean a bheith acu agus ar iascairí tráchtála agus áineasa, ar phobail chósta agus ar gheallsealbhóirí eile a bheith ag glacadh leo, agus ar chumarsáid shoiléir faoina bhfuil á chosaint, faoin gcaoi agus faoin bhfáth; á iarraidh, dá bhrí sin, earnáil na hiascaireachta a áireamh, lena n-áirítear a comhpháirt mhionscála agus comhlachtaí eolaíochta bainistithe iascaigh, chomh maith le geallsealbhóirí ábhartha eile, agus MPAnna á ndearadh, á rialú agus á bhfaire; á iarraidh go spreagfaí rannpháirtíocht na sochaí sibhialta trí limistéir oideachais mhuirí a bhunú;

32. ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé cur chuige cuimsitheach agus comhleanúnach a bheith ann agus MPAnna á mbunú, ní hamháin trí ghníomhaíochtaí iascaireachta tráchtála a theorannú ach trí dhul i ngleic freisin le gníomhaíochtaí eile amhail taiscéalaíocht agus saothrú breoslaí iontaise, mianadóireacht, dobharshaothrú ar mhórscála, dreidireacht, feirmeacha gaoithe amach ón gcósta, iompar agus iascach áineasa agus gníomhaíochtaí eile fóillíochta;

33. á iarraidh ar na Ballstáit líonra na limistéar aisghabhála stoic faoi CBI a leathnú, go háirithe i gcás ina bhfuil fianaise shoiléir gurb ann do chomhchruinnithe troma d'éisc faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe nó do láithreacha sceite; ag cur béim ar an ngá atá leis an meastóireacht ar ainmniú agus ar rath na limistéar sin a áireamh sa tuarascáil a bheidh ann amach anseo maidir le feidhmiú CBI;

34. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, i gcaibidlíocht idirnáisiúnta ar chonradh maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe bithéagsúlachta muirí i limistéir lastall de

dhlínse náisiúnta agus faoi chuimsiú ERBInna, sásra uaillmhianach domhanda a chur chun cinn chun MPAnna a bhunú ar an mórmhuir nó i limistéir lastall de dhlínse náisiúnta, ról réamhghníomhach a ghlacadh, tar éis dóibh teacht ar chomhaontú faoi bhithéagsúlacht mhuirí lastall de dhlínse náisiúnta, chun uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe a chruthú a bheadh á mbainistiú go héifeachtach, lena n-áirítear MPAnna ar an mórmhuir; á mheabhrú, le bunú na MPAnna sin i limistéir lastall de dhlínse náisiúnta, nach mór measúnuithe tionchair socheacnamaíocha agus éiceolaíocha, bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil, a bheith ag tacú leo;

35. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an smaoineamh a chur chun cinn go gcuireann an t-aigéan ina iomláine seirbhísí éiceachórais ar fáil don chine daonna, agus nach mór, dá bhrí sin, aitheantas a thabhairt don aigéan mar acmhainní uilechoiteanna domhanda i gcaibidlíocht idirnáisiúnta faoi choimirce NA;

***Dul i ngleic le tosca eile comhshaoil atá ina mbagairt ar théarnamh stoc éisc***

36. á chur i bhfáth go bhfuil sé ríthábhachtach go ndéanfar gníomhaíocht ghasta agus láidir chun an t-athrú aeráide a chomhrac chun líon sláintiúil orgánach muirí agus gnáthóg a chaomhnú agus, dá bhrí sin, chun go leanfar leis an ngníomhaíocht iascaireachta inbhuanaithe agus leis an tslándáil bia san fhadtéarma; á mheabhrú, de bhun Airteagal 2 de Chomhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide, nach mór a bheith mar aidhm ag na páirtithe go gcuirfear leis an gcumas dul in oiriúint do dhrochthionchair an athraithe aeráide agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus forbairt íseal-astaíochtaí gas ceaptha teasa a chothú, ar bhealach nach gcuireann táirgeadh bia i mbaol;

37. á chur i bhfios go láidir an rannchuidiú dearfach ó MPAnna le hoiriúnú don athrú aeráide trí athléimneacht éiceachórais a neartú; ag tathant ar na Ballstáit ról líonraí MPA a neartú ina gcuid straitéisí náisiúnta maidir le hoiriúnú don athrú aeráide (NAS);

38. á chur i bhfáth gur gá dul i ngleic le roinnt éifeachtaí antrapaigineacha freisin atá nasctha leis an athrú aeráide chun stoic éisc a atógáil agus iad a chothabháil ar leibhéal inbhuanaithe, amhail ídiú ocsaigine agus aigéadú, chomh maith le foinsí éagsúla truaillithe, ar foinsí talún iad go príomha, ach ar foinsí muirí iad freisin, a mbíonn drochthionchar acu ar atógáil stoc éisc nó a chuireann lena leochailí atá siad, amhail níotráití, dramhuisce, leasacháin, lotnaidicídí, ceimiceáin thocsaineacha, truailliú ó ghníomhaíocht thionsclaíoch agus ó ollturasóireacht, iarmhair ó dhobharshaothrú, truailliú plaisteach agus micreaphlaisteach, uachtair ghréine, hormóin, truailliú torainn, sceitheadh ola agus trealamh iascaireachta caillte nó tréigthe;

39. á iarraidh ar an gCoimisiún staidéar a fhoilsiú ar thionchar na bhfoinsí ilchineálacha truaillithe sin ar atógáil stoc éisc agus ar éiceachórais mhuirí;

40. á chur i bhfios go láidir an gá atá le hiascairí a bheith rannpháirteach sa chomhrac in aghaidh thruailliú na bhfarraigí agus na n-aigéan; á iarraidh ar an gCoimisiún dá réir sin, tathant ar na Ballstáit reachtaíocht a ghlacadh lena n-údaraítear d'iascairí aon dramhaíl a ghabhtar ar muir a thabhairt i dtír; á mheas gur cheart, leis na forálacha sin, córas dreasachtaí a thabhairt isteach d'iascairí agus d'úsáid córas bailithe iomchuí;

41. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé ráta marthanais speiceas nach spriocspeicis iad a mhéadú trí ghortuithe agus strus a tharlaíonn le linn gabhála agus scaoileadh a laghdú;

42. á iarraidh ar an gCoimisiún na hiarrataí sin a mheas agus freagairt dóibh ina phlean nua gníomhaíochta chun acmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint, ar plean é a bhfuil sé i gceist aige é a thíolacadh faoi 2021, agus ina athbhreithniú ar CBI, agus i ngach togra reachtach atá le teacht;

°

° °

43. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún, agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.